

## Ábhar

### Téacs Léitheoireachta

## Féiniúlacht

Alt le Gabriel Rosenstock faoi chúrsaí féiniúlachta (*The Irish Times*, 15 Iúil 2009).

Le caoinchead ó *The Irish Times* agus ón údar.

### Forbairt Bhreise

Sliocht as blag [santacruzmagreine.wordpress.com](http://santacruzmagreine.wordpress.com)

Le caoinchead ón údar.

Sliocht as an leabhar *The Pope's Children* le David McWilliams (Gill and Macmillan: 2006).

Le caoinchead ó Gill and Macmillan.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



# Féiniúlacht

## Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt a scríobh Gabriel Rosenstock faoi chúrsaí féiniúlachta. Sula léifidh tú é, déan an réamhobair thíos leis an duine in aice leat.

- Pléigí na focail thíos – an bhfuil míniú agaibh orthu? I ngach cás, tar éis bhur bplé scríobhaigí sainmhíniú gearr ar gach focal.

féiniúlacht  
mionlach  
domhandú cultúir  
iartharú  
truailliú teanga

- Tráchtann an t-údar ar dhuine a bhfuil ‘aon fhéiniúlacht amháin aige... seachas féiniúlachtaí éagsúla...’ Cad a cheapann tú den ráiteas seo? Conas a chuirfeá síos ar fhéiniúlacht i do chás féin?
- Cad iad na féiniúlachtaí / an fhéiniúlacht a bheadh ag Éireannach, dar leat?

## Léamh

Anois léigh an t-alt. Le cabhair ó do pháirtí, déan iarracht na príomhphointí atá ann a scríobh.

Tabhair féin agus do pháirtí achoimre ó bhéal ar an méid a dúradh san alt seo do bheirt eile sa rang.

## Feasacht Teanga

1. ‘...teideal an leagain Bhéarla...’

Déan cur síos ar na tréithe gramadaí sa fhrása thuas. Ansin bain amach na lúbíní thíos.

teideal an (leabhar + Gaeilge)  
tuairimí an (údar + cáiliúil)  
tuairimí an (bean + cáiliúil)  
smaointe an (file + conspóideach)  
dearcadh an (bean + cliste)  
fad an (aiste + deacair)

2. ‘...a bhféiniúlacht á fágáil ina ndiaidh...’

Déan cur síos ar na tréithe gramadaí sa fhrása thuas. Ansin bain amach na lúbíní thíos.

a (féiniúlacht) á (fágáil) ina (diaidh) ag Áine

a (féiniúlacht) á (fágáil) ina (diaidh) ag Seán

Cuir an struchtúr céanna i bhfeidhm leis na forainmneacha ‘mé’, ‘tú’, ‘muid’, ‘sibh’.

3. ‘...a gcuid scoláirí, a gcuid saighdiúirí, a gcuid naomh, a gcuid filí, a gcuid taistealaithe...’

Cuir an struchtúr céanna (‘a gcuid’) i bhfeidhm leis na hainmfhocail ‘leabhar’, ‘mac léinn’, ‘aiste’, ‘ollamh’, ‘fear’, ‘bean’.

4. Féach ar na focail thíos as an téacs agus ar na focail eile atá in aice leo. An ionann iad, dar leat? An féidir iad a úsáid go malartach? Pléigh.

gonta / gearr

úsáideach / áisiúil

mall / déanach

sinsear / glúin

braithfidh siad / mothóidh siad

## Iarobair

### Plé

- ‘...a bhféiniúlacht á fágáil ina ndiaidh ag daoine áirithe nó í á brú rómhór chun cinn ag daoine eile...’  
An mbíonn féiniúlachtaí áirithe á mbrú chun cinn sa tír seo (nó sa choláiste seo) dar leat?
- ‘...ní mór dúinn an t-ilteangachas a neartú in Éirinn chomh maith...’  
An aontaíonn tú leis an ráiteas seo?
- Cén dearcadh atá agat faoin ‘iartharú’ a ndéanann an t-údar trácht air? Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis?
- ‘...chonaic mé clár teilifíse le déanaí a léirigh anaireicse ar chailíní na hIndia agus iad ag déanamh aithrise ar mhainicíní an Iarthair...’  
Cén dearcadh atá agat faoi mhainicíní agus cúrsaí meáchain? An mbíonn drochthionchar nó dea-thionchar ag na mainicíní ar dhaoine óga, dar leat?

- ‘...deir Maalouf go bhfuil muintir na Fraince, nó cuid díobh, le ceangal mar gheall ar an Meiriceánú atá ar siúl ina measc. Cuireann siad a mallacht, a deir sé, ar *Hollywood*, ar CNN, ar *Disney*, ar *Microsoft* agus cíorann siad na nuachtáin ó chlúdach go clúdach agus samplaí á lorg acu de thruailliú teanga nó Angla-Mheiriceánú...’

An bhfuil Angla-Mheiriceánú á dhéanamh ar chaint mhuintir na hÉireann, dar leat? Pléigh agus léirigh le samplaí.

## Tascanna

- Léigh an méid thíos a scríobh an t-eacnamaí David McWilliams faoi chaint dhéagóirí na hÉireann.  
Cén stíl scríbhneoireachta atá sa sliocht, dar leat?  
An bhfuil firinne sa mhéid atá le rá aige, dar leat?

The Irish accent is changing rapidly and young Irish teenagers are now speaking a strange mid-Atlantic dialect, conforming to the age-old rule that the way you speak says more about you than anything else....I first heard it amongst teenagers in Malahide – Ireland’s richest town – a few years ago. It is a customised Irish version of the language of American sitcoms like ‘Friends’, ‘Buffy’, ‘Will and Grace’, and a liberal sprinkling of earlier Aussie soaps like ‘Neighbours’. Let’s call this new Irish dialect, Malahidelect...

...‘I was like, so totally not right.’ ‘he was, like, wasted.’ ‘We were like, so, laughing out loud.’ ‘It was like so fun.’ ‘Totally’ ‘Whatever’ ‘Don’t go there!’ ‘I’m so not going there’. This is our teenagers speaking, not just in Dartland Dublin but in Loughrea, Clonakilty and Nenagh. Notice the rising intonation toward the end of a sentence making all sentences sound like questions. This is Malahidelect, 21<sup>st</sup>-century Estuary Irish – the Language of ‘Buffy the Vampire Slayer’. Together with highlights, expensive orthodontics, silicone, lip-gloss, credit cards, sling backs and the ‘Friends’ DVD back catalogue, this is the look, feel and, more importantly sound, of modern middle-class Ireland.

...there is little doubt that it will be the lingua franca of the next generation. A good acid test is the word for our mothers. Over the past ten years, the Irish mammy, or the Hibernian mam, became the British mum and increasingly now is the American mom.

...In the past accents used to start in Dublin and disseminate out. Dublin was the ‘resonance chamber’ for the rest of the country. This is no longer the case. Globalisation, TV, the explosion of American cinema and DVDs have ensured that the accent goes straight from the HBO studios in New York to New Delhi and New Ross simultaneously.

- Seo thíos an méid a dúirt an t-údar faoi chúrsaí téarmaíochta sa téacs. Cuir i gcomparáid é leis an méid sa dara sliocht thíos – sliocht as blag faoin saol i gCalifornia ([santacruzmagazine.wordpress.com](http://santacruzmagazine.wordpress.com)).

1. Leabhar faoi chlúdach bog. Níl sé chomh maith leis an bhfocal ‘paperback’, an bhfuil? Níl sé sách gonta. Braithim nach téarma ceart in aon chor é, nach focal úsáideach é ar nós ‘paperback’ ach é mar a bheadh cur síos ann. Ní bheidh sé go deo mar chuid den ghnáthchaint. Ach cad is gnáthchaint ann?

2. Tamall lastuaidh ó Santa Cruz, ar bhóthar iomráiteach an chósta Highway One, tá Páirc Náisiúnta Año Nuevo. Tá na páirceanna náisiúnta ar cheann de sheoda na tíre seo gan aon agó agus ní haon eisceacht é Año Nuevo. Bhí seans linn cuairt a thabhairt ar an bpáirc an tseachtain seo chun lán ár súl a bhaint as na róna millteacha a chruinníonn ann i gcaitheamh an gheimhridh.

Tá Año Nuevo ar cheann de na háiteanna is mó ar domhan a dtagann an t-arrachtach ar a dtugann an Béarla *elephant seal* i dtír. B’in an chéad deacracht a bhí agam agus mé ag iarraidh méar a chur le méarchlár chun an scéilín seo a scríobh: cén Ghaeilge a chuirfinn ar *elephant seal*? Dar le [www.focal.ie](http://www.focal.ie), ‘rón eilifintiúil’ is ea an téarma oifigiúil. Níl trácht ar na róna céanna in aon fhoclóir eile agus mar sin ní raibh mórán de rogha agam. Ní hé nach áis an-luachmhar é [www.focal.ie](http://www.focal.ie) – go deimhin, chaillfí go leor dinn dá héagmais – ach ní maith liomsa ‘rón eilifintiúil’. Tá sé rólitriúil. Níl dóthain samhlaíochta ann. Tharla go raibh cara agus comhghleacaí liom in Año Nuevo agus thapaíos an deis chun mo ghéarchéim bheag téarmaíochta a phlé leis.

Sínte romhainn ar an trá ar aghaidh oiléan Año Nuevo lá breá gréine i ndeireadh na Nollag, ba léir gur cuma sa diabhal leis na róna cad a thabharfaí orthu i nGaeilge. Ach in ainneoin go raibh cosc orainn dul i ngiorracht dóibh – ní foláir fanacht siar cúig troithe fichead ar a laghad – ní fhéadfaí gan aird a thabhairt ar an smut fada gránna de chaincín a bhí orthu. Eilifintiúil go deimhin – ach nach ndéanfadh an smut céanna an chúis dá dteideal nua Gaelach? Smutróna Año Nuevo abú!

- Cad a déarfá faoi dhearcadh na n-údar faoin téarmaíocht? Cad atá ar eolas agat faoin tslí ina n-aistrítear focail Bhéarla go Gaeilge? Cá mbíonn teacht ar an leagan ‘údarásach’? Cén úsáid a bhaineann tusa as [www.focal.ie](http://www.focal.ie)?
- Roghnaigh ceann de na téamaí seo a leanas a tháinig chun cinn sna téacsanna agus forbair dhá thaobh argóna do phlé ar an téama sin:
  - mainicíní agus cúrsaí meáchain
  - Béarla Mheiriceá
  - féiniúlacht
  - ilteangachas
  - iartharú
  - téarmaíocht

## Téacs

Leabhar faoi chlúdach bog. Níl sé chomh maith leis an bhfocal ‘paperback’, an bhfuil? Níl sé sách gonta. Braithim nach téarma ceart in aon chor é, nach focal úsáideach é ar nós ‘paperback’ ach é mar a bheadh cur síos ann. Ní bheidh sé go deo mar chuid den ghnáthchaint. Ach cad is gnáthchaint ann?

Ar aon nós, cheannaíós leabhar faoi chlúdach bog le déanaí. I bPáras a foilsíodh é den chéad uair, sa bhliain 1998, faoin teideal *Les Identités meurtrières*. Amin Maalouf an t-údar. *On Identity* teideal an leagain Bhéarla de. Ní hé gach éinne a chuireann spéis i gcúrsaí céannachta nó i gcúrsaí féiniúlachta.

Más de chúlra measctha thú, cuirfidh tú spéis i gcúrsaí féiniúlachta luath nó mall agus is de chúlra an-mheasctha é Maalouf sa mhéid gur de mhionlach Críostaí i ndomhan Arabach é.

Tráth den saol bhí Éire aonchineálach a bheag nó a mhór. Má ba Lochlannaigh, Normannaigh nó Sasanaigh iad do shinsir romhat ní rabhais ag seasamh amach rómhór dá dheasca sin – Éireannach nó Gael ab ea thú. Tá Éire ilchineálach le tamall anuas. Is dóigh liom go bhfuil glactha againn cuid mhaith leis an ilchineálachas seo, ar an taobh theas den Teorainn ar aon nós. (Tá cónaí ar iníon liom sa Trasalváin agus n’fheadar conas a mhínigh sí dá comharsana thall conas go raibh ar 115 Rómánach tearmann a lorg i séipéal i mBéal Feirste theas i mbliain seo ár dTiarna 2009.)

Ceann de na deacrachtaí a bhaineann le téama den sórt seo a phlé is ea an téarmaíocht, ar ndóigh. Cuir i gcás an nath Béarla, ‘a sense of identity’. Cén Ghaeilge a chuirfeá air sin? Bhuel, is cosúil go bhfuil dhá shlí chun é a rá, ‘mothú ionannais’ agus ‘mothú sainiúlachta’. Anois, tá mearbhall orm, caithfidh mé a rá. Chonaiceamar thuas go bhfuil dhá fhocal (ar a laghad) ann a sheasann do ‘identity’ an Bhéarla, is é sin ‘céannacht’ agus ‘féiniúlacht’.

Ach nuair is gá ‘a sense of identity’ a rá, féach nach bhfuil ceachtar den dá fhocal sin in úsáid: tarraingíodh dhá fhocal eile isteach, ‘ionannas’ agus ‘sainiúlacht’. Munar féidir glacadh le haon téarma amháin ní dhéanfaimid aon dul chun cinn agus beidh mearbhall ionannais, sainiúlachta, céannachta agus féiniúlachta orainn go léir.

D’fhág Maalouf an Liobáin sa bhliain 1976 agus chuir faoi sa Fhrainc. Ba san Araibis a léigh sé Dickens agus Dumas agus *Gulliver’s Travels* agus é ina gharsún. Leath-Fhrancach agus leath-Liobánach é mar sin, ab ea? Fastaoim, a deir sé. Ní féidir an fhéiniúlacht a roinnt ná a bhriseadh síos mar sin. Aon fhéiniúlacht amháin atá aige, a deir sé, seachas féiniúlachtaí éagsúla. Pointe spéisiúil.

Is dóigh le Maalouf go mbíonn brú ar dhaoine a bhféiniúlacht bhunúsach a chur in iúl na laethanta seo, bíodh sé sin bunaithe ar chúrsaí creidimh, ar chúrsaí náisiúnta,



ar chúrsaí eitneacha agus araile agus nuair a aimsítear a leithéid go ndéantar gaisce mar gheall air.

Luann sé, abair, an duine a rugadh i mBéalgrád a raibh máthair Sheirbeach aige agus athair Crótach, nó an Hútú atá pósta ar an namhaid, an Tutsi, nó an Meiriceánach ar fear gorm é an t-athair agus Giúdach í an mháthair.

Níos cóngaraí don bhaile: an bhfuil féiniúlacht Eorpach ag teacht chun cinn anois? An mbraitheann na Bascaigh, na hAlbanaigh an tEorpachas seo nó an bhfuilid níos Bascaí, níos Albanaí ná riamh?

Tá an-spéis ag Maalouf i gcúrsaí coiriúlachta agus i gcoireanna atá á ndéanamh in ainm na féiniúlachta. Bí ag faire ar an nuacht anocht agus bí ag smaoineamh ar an bhfocal ‘féiniúlacht’ go bhfeicfidh tú.

Tuigeann sé go bhfuil domhandú cultúir ag cur brú ar dhaoine agus d’fhéadfadh an brú sin dul i dtreonna difriúla – a bhféiniúlacht á fágáil ina ndiaidh ag daoine áirithe nó í á brú rómhór chun cinn ag daoine eile. Agus an cheist mhór, ar ndóigh, ná cad is brí le domhandú cultúir?

Cultúr an Iarthair ag scaipeadh ar nós an diabhair, ar ndóigh. Cathain a tharla sé, n’fheadar? Cathain a thosaigh an leathnú amach sin? Sa 15ú haois? Chonaic mé clár teilifíse le déanaí a léirigh anaireicse ar chailíní na hIndia agus iad ag déanamh aithrise ar mhainicíní an Iarthair.

Iartharú seo an domhain cruthóidh sé go leor fadhbanna fós. Beidh tíortha ann agus braithfidh siad gur cultúir theipthe is ea iad i gcomparáid leis an domhan ‘forbartha’.

Beidh drochmheas ag na daoine sin ar a gcóras traidisiúnta leighis mar go ndeir dochtúirí an Iarthair leo nach bhfuil ann ach piseogacht; déanfaidh siad dearmad ar a gcuid scoláirí, a gcuid saighdiúirí, a gcuid naomh, a gcuid filí, a gcuid taistealaithe etc. mar nár chuala muintir an Iarthair aon trácht orthu, *ergo* níl aon mhaith iontu.

Deir Maalouf go bhfuil muintir na Fraince, nó cuid díobh, le ceangal mar gheall ar an Meiriceánú atá ar siúl ina measc. Cuireann siad a mallacht, a deir sé, ar *Hollywood*, ar *CNN*, ar *Disney*, ar *Microsoft* agus cíorann siad na nuachtáin ó chlúdach go clúdach agus samplaí á lorg acu de thruailliú teanga nó Angla-Mheiriceánú. (Mheabhróidís athbheochantóirí na Gaeilge duit, ar shlí, nó an dream a bhí naimhdeach in aghaidh an Bhéarlachais).

Tá rudaí spéisiúla le rá aige faoi chúrsaí teangacha. D’fhéadfá Eabhrais, Araibis, Iodáilis agus Sualainnis a labhairt, cinnte, ach ní fhéadfá bheith id Ghiúdach, id Mhoslamach, id Chaitliceach agus id Phrotastúnach san am céanna!

Tá Maalouf go láidir ar son chearta teanga. Caithfimid a bheith an-airdeallach, a deir sé, le cinntiú go bhfuil cearta teanga ag cách. Is dóigh leis go bhfuil an ceart sin níos tábhachtaí ná sairse creidimh fiú amháin.

Ní mór dúinn ár gcaidreamh le teangacha eile a neartú, a deir sé. Aontaím ar fad leis sin. Ní mór dúinn an t-ilteangachas a neartú in Éirinn chomh maith.

Le caoinchead ó *The Irish Times* agus ón údar.